

Léirmheas Leabhar: Réamhobair

A Léigh an slíocht agus ansin déan plé ar na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

Féile is ea Leabhra Feabhra a spreagann daoine le leabhair as Gaeilge a léamh agus a thabhairt mar bhronntanais dá chéile le linn mhí Feabhra gach bliain. Bunaíodh an feachtas neamhspleách seo in 2013.

Tá tuilleadh eolais le fáil ach @LeabhraFeabhra a leanúint ar Twitter nó ar Facebook.

Le páirt a ghlacadh in Leabhra Feabhra, níl le déanamh ach leabhar Gaeilge a cheannach agus é a bhronnadh ar dhuine an 1 Feabhra, Lá Mór na Leabhar Gaeilge. Is é an 1 Feabhra Lá Fhéile Bríde agus bhunaigh Naomh Bríd teach screaptra ina cathair, is ann a rinneadh Leabhar Chill Dara.

Molann lucht eagraithe na féile tiomnú a scríobh laistigh den leabhar a chuirfidh i gcuimhne go deo don té a fuair é gur chuimhnigh tú air nó uirthi an lá úd fadó; rud éigin ar nós ‘Leabhra Feabhra faoi mhaise duit!’ nó ‘Beannachtaí Fhéile na Leabhar ort!’

Roinntear grianghrafanna de na leabhair a cheannaítear agus a léitear ar Twitter agus ar Facebook leis an haischlib #leabhrafeabhra.

- Ar léigh tú leabhar as Gaeilge riamh? Má léigh, cén leabhar nó cé na leabhair a bhí i gceist?
- An mbeadh spéis agat páirt a ghlacadh san fheachtas Leabhra Feabhra?
- Cén tionchar a bhíonn ag leithéid an fheachtais seo ar chúrsaí léitheoireachta?

B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

an litríocht	rarely
léitheoireacht	frequently
clár léirmheastóireachta	literature
scileanna teanga	detective novels
leabhair eachtraíochta agus uafáis	any free time i have
leabhar bleachtairachta	based on things that happened long ago
bunaithe ar rud a tharla fadó	reading
ach go hannamh	adventure and horror books
go rialta	review programme
am ar bith atá saor agam	language skills



Freagraí: Mír a Dó, Cuid B

(a) scríbhneoirí as Gaillimh; (b) daoine a scríobh as Béarla agus as Gaeilge; (c) daoine as Éirinn a bhuaigh duais Nobel na litríochta; (d) mórphearsana fhilíocht na mbard; (e) ainmneacha cleite a ghlac scríbhneoirí dífriúla Éireannacha; (f) ainmneacha cleite a ghlac scríbhneoirí dífriúla Éireannacha; (g) mórfhigiúirí na hAthbheochana Liteartha; (h) filí a daoradh chun báis tar éis Éirí Amach 1916; (i) baili reatha d'Aosdána; (j) scríbhneoirí a rugadh i dTuaisceart Éireann; (k) uachtaráin a bhí nó atá ina bhfilí; (l) acadóirí a bhfuil cáil orthu mar fhilí

C Líon na bearnaí leis na focail ó Chuid B thuas.

1. Caithim roinnt mhaith ama ag léamh, i mBéarla agus i nGaeilge, le mo chuid _____ a fhorbairt.
2. Níl mórán spéise agam i gcláir a phléann leis _____ ach léim ar bhonn rialta.
3. Ní léim _____ ach caithim go leor ama ar na meáin shóisialta - is léitheoireacht de shaghas é sin!
4. Ní thaitníonn _____ liom - is fearr liom leabhair románsúla.
5. Tá gach _____ de chuid John Connolly agam - is breá liom an príomhcharachtar, Charlie Parker.
6. Níl an oiread sin spéise agam i gcúrsaí staire, ach léim leabhair ficsin má tá siad _____.
7. Ní léim úrscéalta _____, ach taitníonn irisí agus nuachtáin liom agus féachaim ar tuairisc.ie agus ar nosmag.ie go minic.
8. _____, caithim é ag léamh. Ba mhaith liom a bheith i mo scríbhneoir amach anseo.
9. Rinne mo thuismitheoirí iarracht mé a spreagadh le _____ a dhéanamh nuair a bhí mé óg ach b'fhearr liomsa rudaí níos aclaí a dhéanamh.



Léirmheas Leabhar: Mír a hAon

A Freagair na ceisteanna.

1. Céard atá ar siúl ag Eoghan thall i Meiriceá Theas?
 - Tá sé ag déanamh taighde ar theanga na mbundúchasach
 - Tá sé ag troid ar son cearta daonna
 - Tá sé ag taisteal sa Bhrasaíl
2. Cé as údar an leabhair Tearmann, Alex Hijmans?
 - An Olainn
 - An Ghréig
 - An Brasaíl
3. Céard nach luann Éamonn faoin na rudaí a chuireann le hatmaisféar an leabhair?
 - an léargas ar an saol i mBrasaíl
 - an léargas ar an gcaidreamh idir Eoghan agus daoine eile
 - an léargas ar an teannas idir pobal amháin agus pobal eile

B Obair ghrúpa.

Le do ghrúpa, déan cur i láthair gairid ar shaol agus ar shaothar duine de na scríbhneoirí thíos.

- Charles Dickens
- William Shakespeare
- Stephen King
- Cathal Ó Searcaigh
- Caitlín Maude
- Nuala Ní Dhomhnaill
- Dostoyevsky
- Oscar Wilde

C Tráth na gceist.

Tá cáil ar Daniel Defoe toisc gur scríobh sé...

- an chéad úrscéal i mBéarla, Robinson Crusoe
- an chéad leabhar os cionn 20,000 focal
- an chéad leabhar a aistríodh go teangacha eile

Tá cáil ar an úrscéal *À la recherche du temps perdu* le Marcel Proust...

- toisc go bhfuil sé bunaithe ar eachtraí Ulysses
- toisc gurb é a chéad leabhar grinn a cuireadh i gcló
- toisc gurb é an chéad úrscéal a scríobhadh a bhfuil os cionn milliún focal ann

Scríobh L. Ron Hubbard an líon is mó leabhar riamh, ach cé mhéad é sin?

- 3,650
- 1,084
- 986

Is é Harry Potter and the Deathly Hallows an leabhar is mó díol taobh istigh de lá amháin. Cé mhéad cóip de a díoladh sa chéad 24 uair an chloig?

- 8.3 milliún
- 6.4 milliún
- 3.8 milliún

Seachas leabhair atá lasmuigh de chóipcheart ar nós an Bhíobla agus an Chóráin, céard é an leabhar is mó díol ar domhan?

- Bunreacht Stáit Aontaithe Mheiriceá
- Guinness World Records
- Rights of Man le Thomas Paine

Céard é an chéad leabhar a cuireadh i gcló in Éirinn?

- The Book of Common Prayer
- An Bíobla Naofa (as Gaeilge)
- An Táin



Léirmheas Leabhar: Mír a Dó

A Freagair na ceisteanna.

1. Cén easpa doimhneachta a bhí sa leabhar, dar le Myra?

- nuair a bhain sé leis na mná
- nuair a bhain sé leis an bpríomhcharachtar
- nuair a bhain sé le caidrimh

2. Cén bua is mó a bhí ag an leabhar, dar le Myra?

- an cur síos
- an plota
- na carachtair

3. Céard a cheap Éamonn faoin leabhar? (Níos mó ná rud amháin.)

- Tá sé dúshlánach ó thaobh na Gaeilge de
- Tá sé dúshlánach ó thaobh an téama de
- Tá sé dúshlánach ó thaobh an ábhair de

B Céard é an ceangal?

Cén ceangal atá idir an triúr i ngach grúpa thíos?

- a. Pádraic Ó Conaire, Máirtín Ó Direáin agus Máirtín Ó Cadhain
- b. Brendan Behan, Flann O'Brien agus Liam O'Flaherty
- c. George Bernard Shaw, W.B. Yeats agus Samuel Beckett
- d. Eibhlín Dubh Ní Chonaill, Raiftéirí an File agus Aodhagán Ó Rathaille
- e. Bram Stoker, Sheridan le Fanu agus Caitlín R. Kiernan
- f. Darren Dash, Myles na gCopaleen agus Æ / A.E.
- g. Lady Gregory, J.M. Synge agus W.B. Yeats
- h. Pádraig Mac Piarais, Thomas MacDonagh agus Joseph Mary Plunkett
- i. Anthony Cronin, Sebastian Barry agus Hugo Hamilton
- j. C. S. Lewis, Louis MacNeice agus Brian Friel
- k. Dúghlas de hÍde, Erskine H. Childers agus Mícheál D. Ó hUiginn
- l. Eavan Boland, Eiléan Ní Chuilleanáin agus Louis de Paor

C An leabhar is ansa liom.

Déan cur síos ar an leabhar is fearr leat do do ghrúpa. Déan tagairt do na pointí seo a leanas:

- An príomhcharachtar nó na príomhcharachtair
- An plota
- Cé dó a molfa an leabhar



Léirmheas Leabhar: Mír a Trí

A Freagair na ceisteanna.**1. Cén aois í Áine?**

- deich mbliana
- aon bhliain déag
- dhá bhliain déag d'aois

2. Cá raibh Danny is a athair ina gcónaí?

- i gcarabhán
- in árasán
- i stáisiún peitрил

3. Céard faoi an leabhar, go ginearálta?

- an t-athair is fearr ar domhan
- an caidreamh idir Danny agus a athair
- an meicneoir is óige ar domhan

B Plé ranga.**Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.**

- An dtaitníonn an léitheoireacht leat?
- Déan cur síos ar an gcineál ábhair a léann tú go hiondúil.
- Cé hé nó cé hí an t-údar is fearr leat? Cén fáth?
- An léann tú go minic?
- Céard é an leabhar is fearr a léigh tú riamh?
- An fiú am a chaitheamh i mbun léitheoireachta go minic?
- An fearr leat am a chaitheamh ag féachaint ar an teilifís nó ag plé leis na meáin shóisialta in áit a bheith ag léamh? Mínigh do fhreagra.

C Scríbhneoireacht chruthaitheach.**Féach ar cheann de na dánta atá ar an suíomh www.tg4.ie/foghlaim agus cum scéal faoi eachtra a spreag an dáin.**

- ‘An tEarrach Thiar’ le Máirtín Ó Direáin
- ‘Géibheann’ le Caitlín Maude
- ‘Mo Ghrá-sa (Idir Lúibíní)’ le Nuala Ní Dhomhnaill
- ‘An Spailpín Fánach’ le file anaithnid
- ‘Colscaradh’ le Pádraig Mac Suibhne